

# Mo Ghrá-sa (idir lúbíní) | le Nuala Ní Dhomhnaill

**Cúlra an fhile:** Rugadh Nuala Ní Domhnaill i Lancashire, Sasana sa bhlian 1952. Bhí tuismitheoirí Eireannacha aici. Togadh í i ngaeltacht Ciarraí dá bharr. Nuair a chríochnaigh sí an ardteist, d'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus bhain sí céim amch san ealaín. Is file cáiliúil í agus tá an-chuid cnuasach filíochta (*collections of poetry*) foilsithe (*published*) aici, ina measc tá 'Pharaoh's Daughter' agus 'Cead Aighnis'. Oibríonn sí mar iriseoir agus léitheoir nuachta le RTÉ chomh maith.

**Téama:** Gan aon agó (*without a doubt*) is é grá téama an dáin. Ach is dán grá neamhgnáthach (*unusual*) é. D'fheadfá a rá (*you could say*) gur dán frith-ghrá é! Ar lámh amháin tá an file ag magadh faoi na 'hamhráin grá' a bhí an-coitianta in Éireann sa seachtú haois déag, agus an grá míréadúil (*unrealistic*) a bhí le feiscint iontu (*in them*). Ní dán traidisiúnta, grámhar é seo. Déanann an file ceap magaidh (*laughing stock*) dá céile. Tosaíonn sí le pictiúr diúltach (*negative*) agus leanann sí ar aghaidh sa slí céanna! Níl an file ag maíomh (*boasting*) go bhfuil a leannán dathúil nó láidir, taitníonn léi an fhírinne lom (*the bare truth*) a insint.

Áfach, ar an lámh eile, tugtar léargas (*insight*) rí-thábhachtach dúinn ar an ngrá; an saghas grá a mhaireann (*that exists*) sa domhan réalaíoch (*in the real world*). I ndáiríre (*seriously*), tá caidreamh iontach, grámhar aici lena leannán. Tá an gaol (*relationship*) sin bunaithe ar chomh-mheas (*mutual respect*) agus chomhoibriú (*cooperation*). Tá a fhios ag an bhfile nach bhfuil a grá foirfe (*perfect*). Ní chuireann a lochtanna agus a laigí isteach ná amach uirthi (*his faults and failings don't bother her*) mar is mionrudaí iad. Ní phictiúr ealaíonta (*oil painting*) é a leannán, ach tá a phearsantacht (*personality*) i bhfad Éireann níos tábhactaí (*much more important*). Is duine flaithiúil (*generous*), caoin agus cneasta é. Tugann sé riachtanais an tsaoil (*the necessities of life*) di agus tá siad an-cheanúil ar a chéile (*fond of each other*). Sin sách maith di (*good enough for her*).

Ceapaim go bhfuil an file ag aoradh (*satirizing*) dearcaidh na coitiantachta (*the common view*) sa lá atá inniú, nuair a chuirtear an iomarca béime ar áilleacht sheachtrach (*external beauty*) agus déantar faillí ar áilleacht inmheánach (*internal beauty*).

**Íomhánna:** Sna hamhráin grá, baineadh úsáid as tagartí don dúlra (*nature*) chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine. Ba mhinic don fhile an bhean a chur i gcomparáid le hiontasaí an nadúir (*the wonders of nature*), tógaimis mar shampla, súile chomh soléir le sruthán cnoic (*a mountain stream*), gruaig chomh buí le heorna (*barley*) agus leicne (*cheeks*) chomh dearg leis an rós. Úsáideann an file an teicníc céanna anseo, ach usáideann sí íomhánna den nadúr chun a leannán a cháineadh agus a spiocadh (*to tease and criticise*). Mar shampla, "níl mo ghrása mar bhláth na n-airní". I ndáiríre, níl aon chosúlachtaí (*similarities*) idir a grá agus áilleacht an dúlra. Níos déanaí, deireann sí go bhfuil a shúile ró-chóngarach dá chéile, agus go bhfuil a ghruaig chomh gránna (*horrible*) le "wire deilgní". Caithfear a adhmháil (*it has to be said/admitted*), níl an pictiúir a tharraingíonn sí de an-mhealltach! (*very attractive*)

Sa chéad véarsa, samhlaíonn an file (*the poet imagines*) a leannán agus é marbh, curtha san uaigh (*coffin*) ocht dtroigh síos. Is pictiúir an-dorcha, gruama (*bleak/depressing*) é seo agus as alt (*out of place*) i ndán grá!

Sa véarsa deireanach, úsáideann an file dhá mheafair (*metaphor*). Seasann an úlla do riachtanais an tsaoil a thugann sé di, agus seasann na caora finiúna do sónna an tsaoil (*the luxuries of life*). Tá an file ag rá gur féidir léi brath air (*depend on him*) agus go bhfuil an pictiúir níos tábhachtaí ná an fráma.

**Mothúcháin:** I mo thuairim, is é sásamh an mothúchán is láidre sa dán greannmhar seo. Cé go bhfuil sí ag magaidh faoin a leannán don chuid is mó den dán, tugtar le fios dúinn sa véarsa deireanach go bhfuil sí breá sásta lena gcaidreamh. Ag tús an dáin, cuireann sí i gcéill (*she pretends*) go bhfuil sí míshásta lena grá, mar níl sé dathúil (*handsome*).

Ach ar deireadh thiar thall (*eventually*), tagaimid ar an bhfírinne. Is cuma léi nach bhfuil a leannán tarraingteach (*attractive*). Ag deireadh an lae, tá an-chion aige uirthi agus ta sí an-tógtha leis (*taken with him*) freisin. Dá bhrí sin, tugann sí neamhaird (*she ignores*) ar a lochtanna agus na rudaí beaga. Tuigeann sí an seanfhocal críonna (*wise*), 'ní bhíonn saoi gan

locht' (*nobody is perfect*). Deireann sí, ná bac leis a chuma (*don't bother about his appearance*), díriú isteach ar (*focus on*) bhuaicphointí a charachtair (*the highpoints of his character*), agus beidh tú níos sásta.

## Teicnící Filíochta:

**Meadarach:** Is í an tsaorvéarsaíocht (*free verse*) atá mar mheadarach an dáin. Tugann sé seo saoirse don fhile a cuid a rá, gan aon shrian (*without constraints*). Níl múnla (*mould*) ríme (*rhyme*) ná siollaí (*syllables*) ar leith ag an tsaorvéarsaíocht agus cleachtar é go mion minic (*it is widely practiced*) san fhilíocht nua aimseartha. Cé nach bhfuil aon rialacha ann, tá cúpla sampla dé rím dheiridh (*end rhyme*) in áiteanna éagsúla sa dán, mar shampla airní...noiníní/ shúile...chéile. Tá fuaim cheolmhar álainn ag an dán.

**Tábhacht na Lúibíní:** Tá na lúibíní tábhachtach sa dán seo mar tugann siad le fios dúinn gur dán neamhghnáthach é seo. 'Seard atá na lúibíní ná an fhírinne lom mar gheall ar a céile. Sna lúibíní, tá scigmhagadh (*caricaturing*) ar siúl. Faighimid an fhírinne faoin a chuma (*his appearance*) ar dtús, ach ansin athraíonn gach rud (*everything changes*) sa véarsa deireanach mar níl an file ag tabhairt maslaí (*insults*) dá céile don chéad uair. In ionad sin (*instead*) molann sí é (*she praises him*) sna lúibíní agus faighimid an fhírinne mar gheall ar a phearsantacht.

Ina dhiaidh sin, déanann an file tagairt le Shakespeare agus a shoinéad (*sonnet*) 130. Sa dán cáiliúil sin, cáineann Shakespeare na filí a bhíonn ag moladh na mban agus á gcur i gcomparáid le spéirmhná (*goddesses*). Gan dabht, aontaíonn (*agrees*) Nuala Ní Dhomhnaill le Shakespeare.